Gairdín sa Spéir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thionscadal mór garraíodóireachta i gCorcaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil a fhios agat cé hé Diarmuid Gavin?
An bhfuil aon suim agat féin i gcúrsaí garraíodóireachta? Cén fáth?
Cad é an baile mór nó cathair is cóngaraí duit féin? An bhfuil gairdíní deasa ann nó inti?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. south _____
2. city council _____
3. will be situated _____
4. controversial _____
5. there was uproar in the city _____
6. on the banks of the Lee _____
7. Victorian garden _____
8. stand _____
9. space for public exhibitions _____
10. presently / now _____
11. tourist season _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén duais a bhuaigh Diarmuid Gavin?

2. Cén fáth nach bhfuil cuma mhaith ar ghairdín Diarmuid Gavin anois?

3. Cén fáth a bhfuil raic sa chathair?

4. Déan cur síos ar cad a bheidh ar an suíomh, An Mhuirdíog.

5. Tá dhá cheist ag John Buttimer do Bhainisteoir na Cathrach. Cad iad?

6. Cad a bhí le rá ag Diarmuid Gavin faoin tionscadal?

Ceist 4 '…a bhuaigh *bonn óir*…'
'… radharc iontach ba ea an *gairdín spéire*…'
'…ar an *struchtúr miotail*…'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí a leanas ag déanamh na n-athruithe is gá.

1. Is iomaí locht atá agam ar an chóras _____ i nGaillimh. (iompar)
2. Tá an-spéis ag mic léinn _____ i gcluichí ríomhaireachta. (ollscoil)
3. Is gá cúrsa _____ a dhéanamh chun cúrsaí múinteoireachta a thuiscint mar is ceart. (oiliúint)
4. Cheannaigh Seán fáinní _____ do Bhríd don Nollaig. (cluas)
5. Is fearr píosa _____ a ithe i ndiaidh duit bia spíosrach a ithe. (arán)

Ceist 5 '*ó dheas*'

An féidir leat féin agus an duine in aice leat an dá cholún thíos a cheangal? Tá sampla amháin déanta mar chabhair.

1	ó dheas	a	oirthear
2	siar	b	thoir
3	iarthar	c	ó thuaidh
4	tuaisceart	d	soir
5	thiar	e	anoir
6	aniar	f	deisceart

Anois déanaigí iarracht na focail sa dá cholún a chur in abairtí a léireoidh a mbrí.

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén tábhacht a bhaineann leis an ealaín sa tsochaí?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt nuair atá an tuairisc á taispeáint.

1. south	*ó dheas*
2. city council	*comhairle cathrach*
3. will be situated	*lonnófar*
4. controversial	*conspóideach*
5. there was uproar in the city	*bhí raic sa chathair*
6. on the banks of the Lee	*ar bhruach abhainn na Laoi*
7. Victorian garden	*gairdín Victeoiriach*
8. stand	*seastán*
9. space for public exhibitions	*spás taispeántais phoiblí*
10. presently / now	*láithreach*
11. tourist season	*séasúr turasóireachta*

Ceist 3
1. An bonn óir ag an Chelsea Flower Show.
2. Tá droch-chuma ar an struchtúr miotail atá mar chuid lárnach den ghairdín a fhad is atá sé á stóráil i gCorcaigh.
3. Tá raic sa chathair toisc an méid airgid a d'íoc an Chomhairle Cathrach don ghairdín spéire seo – níos mó ná €400,000, agus ní raibh sé in úsáid ach an oiread ar feadh tamaill fada.
4. Beidh gairdín Victeoiriach de thorthaí agus de ghlasraí sa ghairdín, chomh maith le seastán do bhannaí ceoil agus spás do thaispeántais phoiblí.
5. An mbeidh aon pháirt ag Diarmuid Gavin leis an tionscadal amach anseo agus an mbeidh an Chomhairle Cathrach ag caitheamh tuilleadh airgid air?
6. Ní dúirt sé aon rud mar nach raibh TG4 in ann dul i dteagmháil leis.

Ceist 4
An tuiseal ginideach uatha atá i gceist anseo.

1. córas iompair
2. mic léinn ollscoile
3. cúrsa oiliúna
4. fáinní cluaise
5. píosa aráin

Ceist 5
1c, 2d, 3a, 4f, 5b, 6e

Beidh mé ag dul **ó dheas** amárach go Corcaigh, ach beidh mo dheirfiúr ag dul **ó thuaidh**. Tá sí ag freastal ar chomhdháil i nDún na nGall.

Tá Seán ina chónaí in Átha Luain. Téann sé **soir** go Baile Átha Cliath gach lá den tseachtain ach téann sé **siar** go Gaillimh gach deireadh seachtaine.

Is in **iarthar** na tíre atá Conamara ach is in **oirthear** na tíre atá Baile Átha Cliath.

Níor mhaith liom bheith i mo chónaí i d**tuaisceart** na tíre - deirtear liom go mbíonn sé de shíor ag cur báistí. B'fhearr liom bogadh go dtí **deisceart** na hEorpa, áit a mbíonn an ghrian ag soilsiú.

Bhí an bhainis féin **thiar** i Ros Muc, ach bhí an ceiliúradh ina diaidh **thoir** i gcathair na Gaillimhe.

Chuala mé go raibh Máire ag teacht **aniar** ó Bhaile na nGall tráthnóna don choisir sa Daingean. An bhfuil Póilín ag teacht **anoir** ó Thrá Lí?

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Ó dheas i gcathair Chorcaí tá plean fógartha ag an gcomhairle cathrach tráthnóna, togra* mór garraíodóireachta a bhunú ina lonnófar gairdín conspóideach Dhiarmuid Gavin** a bhuaigh bonn óir ag an *Chelsea Flower Show* i mbliana. Táthar ag súil go meallfaidh an togra na mílte cuairteoir breise go Corcaigh ón mbliain seo chugainn amach.

Grett O'Connor
Nuair a bhuaigh Diarmuid Gavin an bonn óir in[i] Chelsea i dtús an tsamhraidh, radharc iontach ba ea an 'gairdín spéire' mar a tugadh air. Ach ó shin i leith, ní raibh cuma chomh galánta céanna ar an struchtúr miotail a bhí lárnach ann. Bhí sé á stóráil i gCorcaigh fad is a bhí raic sa chathair faoin méid airgid a d'íoc an chomhairle cathrach[ii] as an ngairdín – os cionn ceithre chéad[iii] míle euro. Ní raibh aon suíomh pioctha amach chuige go dtí inniu. Tráthnóna, foilsíodh go mbeidh gairdín Dhiarmuid Gavin á athchruthú ar an Muirdíog ar bhruach abhainn na Laoi. Ar an suíomh céanna beidh gairdín Victeoiriach de thorthaí agus de ghlasraí, chomh maith le seastán do bhannaí ceoil agus spás taispeántais phoiblí[iv].

An Comhairleoir John Buttimer, Fine Gael
Ceapaim go bhfuil a lán níos mó ceisteanna le freagairt ag an mbainisteoir dúinn, mar shampla, an mbeadh aon pháirt[v] eile le glacadh ag Diarmuid Gavin leis an togra seo? An mbeidh aon airgead eile ag dul isteach go dtí an togra seo ó Chathair[vi] Chorcaí nó ón Bhord[vii] Fáilte.

Grett O'Connor
Lorgaíomar ráiteas ó Dhiarmuid Gavin féachaint cad é an dearcadh a bhí aige i leith an togra nua, ach ní bhfuaireamar aon fhreagra. Deir Bainisteoir na Cathrach Tim Lucy go dtosófar[viii] ag obair ar ghairdíní an Mardyke láithreach agus go mbeidh codanna áirithe díobh ullamh in am do shéasúr turasóireachta na bliana seo chugainn. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

* Is é an focal ***togra*** a úsáidtear go forleathan sna meáin le haghaidh *project* an Bhéarla, ach is é an focal ***tionscadal*** an focal ceart.
** Níl na rialacha sin soiléir mar nach bhfuil an t-ainm iomlán i nGaeilge.

[i] *i Chelsea* a deirtear
[ii] *comhairle* a deirtear
[iii] *céad* a deirtear
[iv] *poiblí* a deirtear
[v] *páirt* a deirtear
[vi] *cathair* a deirtear
[vii] *Bord* a deirtear
[viii] *go dtósnófar* a deirtear